

FOLÚNTAS

# Oifigeach Eolaíochta um Chosc agus Rialú na nGalar Teagmhálach

Aonad: Aonad na gClár um Ghalair
Tagairt: ECDC/FGIV/2023/DPR-SOCDPC

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Is mian le ECDC liosta ionadaithe a bhunú a bheadh oiriúnach d'obair leathan ECDC maidir le galair theagmhálacha a chosc agus a rialú laistigh d'Aonad na gClár um Ghalair (DPR).

Ag brath ar phróifíl an iarrthóra agus ar riachtanais an Lárionaid ag an am, bainfidh an obair go sonrach le ceann dár réimsí galair: Coróinvíreas agus Fliú (CAI), Vacsaíniú agus Imdhíonadh Galar Inchoiscthe (VPI), Ionfhabhtuithe Gnéas-tarchurtha (STI), Víris Fuil-iompartha agus Eitinn (SBT), Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha agus Ionfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte (ARHAI), Galar Bia-iompartha agus Uisce-iompartha (FWD), nó Galair atá ag Teacht Chun Cinn, agus Galar Veictreach-iompartha (EVED), in Aonad na gClár um Ghalair.

Táthar ag súil go gcuirfidh an sealbhóir poist le gníomhaíochtaí sna réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Tacaíocht a chur ar fáil do Ballstáit AE/LEE agus don Choimisiún Eorpach trí fhianaise eolaíoch, athbhreithnithe córasacha ar fhoilseacháin, tuarascálacha teicniúla, treoirdhoiciméid, agus cuairteanna ar thíortha;
- Anailís, léirmhíniú agus scaipeadh a dhéanamh ar shonraí faireachais agus ar shonraí eipidéimeolaíocha eile;
- Comhoibriú go gníomhach le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus rannpháirtiú i líonraí ábhartha de chuid ECDC chun an comhar idir ECDC agus Ballstáit AE/LEE a neartú;
- Meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chláir chun galair theagmhálacha a chosc agus a rialú d'fhonn fianaise a sholáthar do mholtaí eolaíochtbhunaithe;
- Obair i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí ó Bhallstáit AE/LEE agus ó eagraíochtaí comhpháirtíochta chun riachtanais a mheasúnú maidir le tacaíocht ó ECDC;

